# ÁR MISEAN

TRÍ RIALÁIL ÉIFEACHTACH AGUS ÁBHARTHA, ÉASCAÍMID FORBAIRT EARNÁLA CUMARSÁIDE IOMAÍCHE IN ÉIRINN A MHEALLANN INFHEISTÍOCHT, A SPREAGANN NUÁLAÍOCHT AGUS A CHUMHACHTAÍONN TOMHALTÓIRÍ SEIRBHÍSÍ CUMARSÁIDE A ROGHNÚ AGUS A ÚSÁID GO MUINÍNEACH.

## FÍS

BEIDH ROCHTAIN INACMHAINNE, ARDCHAIGHDEÁNACH AGUS FHORLEATHAN AG TOMHALTÓIRÍ AGUS GNÓTHAÍ IN ÉIRINN AR SHEIRBHÍSÍ CUMARSÁIDE AGUS AR FHEIDHMCHLÁIR A THACÓIDH LENA RIACHTANAIS SHÓISIALTA AGUS GHEILLEAGRACHA.

## RÓL

IS É ROL COMREG LE CINNTIÚ GO bhFEIDHMÍONN NA MARGAÍ CUMARSÁIDE AR MHAITHE LE hÚSÁIDEOIRÍ DEIRIDH AGUS LEIS AN tSOCHAÍ.

## LUACHANNA

- IONRACAS
- NEAMHCHLAONTACHT
- ÉIFEACHTACHT
- FEABHAS
- TRÉDHEARCACHT

Commission for **Communications Regulation**
An Coimisiún um **Rialáil Cumarsáide**


An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
Commission for Communications Regulation

1 Lárcheantar na nDugaí, Sráid na nGildeanna, BÁC 1, Éire, D01 E4X0.
One Dockland Central, Guild Street, Dublin 1, Ireland, D01 E4X0.

Teil | Tel **+353 1 804 9600**

Rphost | Email **strategy@comreg.ie**

Suíomh | Website **www.comreg.ie**


# RÁITEAS STRAITÉISE CUMARSÁIDE LEICTREONAÍ
## 2019 – 2021



Commission for **Communications Regulation**
An Coimisiún um **Rialáil Cumarsáide**

## RÉAMHRÁ

Tá ról tábhachtach ag an earnáil cumarsáide leictreonaí (ECS) dul i bhfeidhm ar ár ngeilleagar agus ar ár sochaí. Sa lá atá inniu, níl cuid ar bith dár saolta nach bhfuil tionchar ag nuálaíocht i nascacht dhigiteach orthu.

Gan rialáil, tá sé éiginnte go bhforbródh margaí cumarsáide leictreonaí ar bhealaí a riarfadh do riachtanais na sochaí. Mar gheall ar nádúr na margaí seo, is féidir go ndeánfaí infheistíocht níos moille, go mbeadh níos lú roghanna ag tomhaltóirí agus go mbeadh na praghsanna níos airde, dá mbeidís gan rialáil. Mar an rialálaí d'earnáil na cumarsáide leictreonaí, tá ComReg ag déanamh a dhíchill tionchar bheith aige ar an tírdhreach iomaíoch, cinnteacht rialála a sholáthar agus na dreasachtaí riachtanacha a thabhairt lenar féidir le hinfheistíochtaí mórscála a dhéanamh i líonraí cumarsáide leictreonaí.

Leagann an doiciméad seo fís ComReg amach don earnáil ECS, sainmhíníonn sé ár rúin straitéiseacha do na blianta atá le teacht, agus aithníonn sé treochtaí agus dúshláin na hearnála a bhfuilimid ag súil leo go mbeidh tionchar acu ar ár ngníomhaíochtaí thar an tréimhse atá le teacht.



## RÚIN STRAITÉISEACHA 2017-2021

01 **IOMAÍOCHT**

Soláthraíonn an margadh nuálaíocht agus an rogha fhéideartha is fearr d'oibreoirí mórdhíola agus miondíola

02 **COSAINT TOMHALTÓIRÍ**

Is féidir le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach

03 **INFHEISTÍOCHT**

Chumasaigh infheistíocht éifeachtach rochtain inacmhainne, ardchaighdeánach agus fhorleathan ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir


04 **FORFHEIDHMIÚ AGUS COMHLÍONADH**

Cloíonn aonáin rialaithe le hoibleagáidí rialála

05 **EAGRAÍOCHT**

Is rialálaí éifeachtach agus ábhartha sinn

## TREOCHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN




**EISPÉIRIS NEAMHCHOMHIONANNA ÚSÁIDEOIRÍ DEIRIDH**
Níor fhorbair rochtain agus nascacht mar an gcéanna, agus níor choinnigh eispéireas úsáideoirí deiridh cab ar chab leis na hathruithe a rabhthas ag súil leo i gcónaí.

**TACAR NA MARGAÍ BAINTEACHA A LEATHNÚ**
Le go mbeidh rialáil éifeachtach, tá tuiscint ar an éiceachóras cumarsáide leictreonaí de dhíth.

**FORBAIRT LEANÚNACH LÍONRAÍ SEASTA AGUS MÓIBÍLEACHA**
Is dócha go mbeidh riachtanais dhifriúla ar líonraí cumarsáide leictreonaí sa todhchaí, amhail líonraí 5G.

**MÉADÚ I RUDAÍ "NASCTHA"**
Cé go ndíríonn an t-éiceachóras cumarsáide leictreonaí reatha go príomha ar an dóigh a nascann daoine, táthar ag súil go mbeidh an chéad chéim eile de nuálaíocht ann maidir le "rudaí" nasctha.

**AG ATHRÚ NA CREATLAÍ RIALÁLA**
Leasaíodh an chreatlach rialála um chumarsáid leictreonach a tugadh isteach in 2002 (agus uasdátaíodh í in 2009), agus tugadh an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach isteach ina háit in 2018.